



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair
2024
(OR. en)

14764/11
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0249 (NLE)

WTO 329
AMLAT 84
SERVICES 96
COMER 193

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile

SCEIDIL MAIDIR LE DÍOTHÚ TARAIFE

FOSCRÍBHINN 1

DÍOTHÚ DLEACHTANNA CUSTAIM

ROINN A

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFE NA COLÓIME
LE HAGHAIDH EARRAÍ DE THIONSCNAMH AN AONTAIS EORPAIGH

Catagóirí céimnithe

Mura bhforáiltear a mhalairt i Sceideal um Dhíothú Taraife na Colóime, beidh feidhm ag na catagóirí céimnithe seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 22 (Dleachtanna Custaim a Dhíothú) de Theideal III (Trádáil in Earraí) den Chomhaontú seo.

1. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘earraí tionscnaimh’ anseo feasta) a fhreagraíonn do na línte taraife atá i gcatagóir chéimnithe A a díothú go hiomlán agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

2. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife atá i gcatagóir chéimnithe B a dhíothú i gceithre ghearradh chomhionanna, ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; déanfar na ciorruithe eile an 1 Eanáir de na blianta comhleanúnacha, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.
3. Déanfar custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe C a dhíothú i sé ghearradh chomhionanna, ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; déanfar na ciorruithe eile an 1 Eanáir de na blianta comhleanúnacha, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.
4. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife atá i gcatagóir chéimnithe B a dhíothú i gceithre ghearradh chomhionanna, ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; déanfar na ciorruithe eile an 1 Eanáir de na blianta comhleanúnacha, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.
5. Earraí dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe E, tá siad díolmhaithe ó aon oibleagáidí a bhaineann le dleachtanna custaim.

6. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe F a dhíothú in aon ghearradh déag chomhionanna, ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; déanfar na ciorruithe eile an 1 Eanáir de na blianta comhleanúnacha, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.
7. Déanfar an chomhpháirt sheasta den Sásra Cobhsaíochta Praghsanna (dá ngairtear ‘SCP’ anseo feasta) (15 %) d’earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe FA a dhíothú in aon ghearradh déag chothroma, ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; déanfar na ciorruithe a bheidh fágtha an 1 Eanáir de na blianta comhleanúnacha ina dhiaidh sin.
8. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe G ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. Ón 1 Eanáir de bhliain a trí, déanfar dleachtanna custaim a dhíothú i dtrí chiorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.
9. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe H ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. Ón 1 Eanáir de bhliain a trí, déanfar an chomhpháirt shocraithe de SCP(20 %) a dhíothú i gcúig chiorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla.

10. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe IA ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. Ón 1 Eanáir de bhliain a trí, déanfar an chomhpháirt shocraithe de SCP (20 %) a dhíothú in ocht gciorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla.
11. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe IB ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. Ón 1 Eanáir de bhliain a trí, déanfar an chomhpháirt shocraithe de SCP (15 %) a dhíothú in ocht gciorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla.
12. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe IC ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. Ón 1 Eanáir de bhliain a trí, déanfar na dleachtanna custaim a dhíothú in ocht gciorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.
13. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe J ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. Ón 1 Eanáir de bhliain a trí, déanfar na dleachtanna custaim a dhíothú i ndeich gciorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin.

14. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe K ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a cúig. Ón 1 Eanáir de bhliain a sé, déanfar an chomhpháirt shocráithe de SCP (15 %) a dhíothú i gcúig chiorrú chomhionanna chomhleanúnacha bhliantúla.
15. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe L a laghdú 10 % ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
16. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe M, a laghdú 20 % ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
17. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe N ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a dó. An 1 Eanáir de bhliain a trí, laghdófar dleachtanna custaim 20 %.
18. Coinneofar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe O ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain a trí. An 1 Eanáir de bhliain a ceathair, laghdófar dleachtanna custaim 20 %.

19. Déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe P, a laghdú 40 % ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
20. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe MA, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 140 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 7 dtona mhéadracha ag tosú i mbliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (dá ngairtear ‘CNB’ anseo feasta).
21. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe HO, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 33 thona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 1,7 tona mhéadracha ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.
22. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe HE, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 300 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 15 thona mhéadracha ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.
23. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe YG, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 100 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 5 thona mhéadracha ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.

24. Beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim a léirítear thíos maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe PA le haghaidh cuóta comhiomlán 6 667 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 200 tona méadrach ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.

Línte taraife	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
17049090B	0 %
19019020B	
20060000B	
20079110B	
20079120B	
20079991B	
20079992B	
20091100B	
20091900B	
20092900B	
20093910B	
20093990B	
20094900B	
20096900B	
20097900B	
20098019B	
20099000B	
21069030B	
21069040B	
21069050B	
21069060B	
21069071B	
21069072B	
21069073B	
21069074B	
21069079B	
21069080B	
21069090B	
33021090B	

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
18061000B 18062090B 21011200B		
	Teacht i bhfeidhm	17,5 %
	1	15,0 %
	2	12,5 %
	3	10,0 %
	4	7,5 %
	5	5,0 %
	6	2,5 %
	7	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
21069010B		
	Teacht i bhfeidhm	13,1 %
	1	11,3 %
	2	9,4 %
	3	7,5 %
	4	5,6 %
	5	3,8 %
	6	1,9 %
	7	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
21012000B		
	Teacht i bhfeidhm	20,0 %
	1	20,0 %
	2	20,0 %
	3	17,5 %
	4	15,0 %
	5	12,5 %
	6	10,0 %
	7	7,5 %
	8	5,0 %
	9	2,5 %
	10	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
19019090B		
	Teacht i bhfeidhm	16,7 %
	1	13,3 %
	2	10,0 %
	3	6,7 %
	4	3,3 %
	5	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
21069029B		
	Teacht i bhfeidhm	8,8 %
	1	7,5 %
	2	6,3 %
	3	5,0 %
	4	3,8 %
	5	2,5 %
	6	1,3 %
	7	0 %

25. Beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim a léirítear thíos maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe AZ le haghaidh cuóta comhiomlán 20 667 tona méadrach (arna shloinneadh mar choibhéis siúcra amh) ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 620 tona méadrach ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
17011110		
	Teacht i bhfeidhm	18,8 %
	1	17,5 %
	2	16,3 %
	3	15,0 %
	4	13,8 %
	5	12,5 %
	6	11,3 %
	7	10,0 %
	8	8,8 %
	9	7,5 %
	10	6,3 %
	11	5,0 %
	12	3,8 %
	13	2,5 %
	14	1,3 %
	15	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
17011190 17019100 17019910 17019990		
	Teacht i bhfeidhm	47,0 %
	1	47,0 %
	2	47,0 %
	3	43,4 %
	4	39,8 %
	5	36,2 %
	6	32,5 %
	7	28,9 %
	8	25,3 %
	9	21,7 %
	10	18,1 %
	11	14,5 %
	12	10,8 %
	13	7,2 %
	14	3,6 %
	15	0 %

26. Beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim a léirítear thíos maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe DB le haghaidh cuóta comhiomlán 1 867 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 93,3 tona méadrach ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
02062100 02062200		
	Teacht i bhfeidhm	72,7 %
	1	65,5 %
	2	58,2 %
	3	50,9 %
	4	43,6 %
	5	36,4 %
	6	29,1 %
	7	21,8 %
	8	14,5 %
	9	7,3 %
	10	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
05040010 05040020 05040030		
	Teacht i bhfeidhm	63,6 %
	1	57,3 %
	2	50,9 %
	3	44,5 %
	4	38,2 %
	5	31,8 %
	6	25,5 %
	7	19,1 %
	8	12,7 %
	9	6,4 %
	10	0 %

27. Beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim a léirítear thíos maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe LC le haghaidh cuóta comhiomlán 100 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 5 tona mhéadracha ó bhliain a haon. Earraí a allmhairítear i gcainníochtaí a sháraíonn an méid carntha le haghaidh gach bliana, gheobhaidh siad CNB.

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim laistigh den chuóta
04029910		
	Teacht i bhfeidhm	50,0 %
	1	50,0 %
	2	50,0 %
	3	33,3 %
	4	16,7 %
	5	0 %

28. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe TX, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 3 000 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 300 tona mhéadracha ó bhliain a haon. Maidir le hearraí a allmhairítear i gcainníochtaí is mó ná an méid carntha a liostaítear thíos do gach bliain, beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim bhreise a léirítear thíos. Ón 1 Eanáir de bhliain a deich, beidh earraí saor ó aon dleacht chustaim.

Línte taraife	Bliain	Tonaí méadracha	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
21069090D			
	Teacht i bhfeidhm	3,000	18,2 %
	1	3,300	16,4 %
	2	3,600	14,5 %
	3	3,900	12,7 %
	4	4,200	10,9 %
	5	4,500	9,1 %
	6	4,800	7,3 %
	7	5,100	5,5 %
	8	5,400	3,6 %
	9	5,700	1,8 %
	10	Gan teorainn	0 %

29. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe LS, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 2 500 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 250 tona méadrach ó bhliain a haon. Maidir le hearraí a allmhairítear i gcainníochtaí is mó ná an méid carntha a liostaítear thíos le haghaidh gach bliana, beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim lasmuigh den chuóta a léirítear thíos. Gan dochar don bheart coimirce a bhunaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta), ón 1 Eanáir de bhliain a trí, beidh earraí saor ó aon dleacht chustaim.

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
04041010		
	Teacht i bhfeidhm	15 %
	1	10 %
	2	5 %
	3	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
04041090 04049000		
	Teacht i bhfeidhm	70,5 %
	1	47,0 %
	2	23,5 %
	3	0 %

30. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe LP1, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 4 000 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 400 tona méadrach ó bhliain a haon. Maidir le hearraí a allmhairítear i gcainníochtaí is mó ná an méid carntha a liostaítear thíos do gach bliain, beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim bhreise a léirítear thíos. Gan dochar don bheart coimirce a bhunaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta), ón 1 Eanáir de bhliain a cúig déag, beidh earraí saor ó aon dleacht chustaim.

Línte taraife	Bliain	Tonai méadracha	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
04021010 04021090 04022111 04022119 04022191 04022199			
	Teacht i bhfeidhm	4 000	91,9 %
	1	4 400	85,8 %
	2	4 800	79,6 %
	3	5 200	73,5 %
	4	5 600	67,4 %
	5	6 000	61,3 %
	6	6 400	55,1 %
	7	6 800	49,0 %
	8	7 200	42,9 %
	9	7 600	36,8 %
	10	8 000	30,6 %
	11	8 400	24,5 %
	12	8 800	18,4 %
	13	9 200	12,3 %
	14	9 600	6,1 %
	15	Gan teorainn	0 %

31. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe LP2, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 500 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 50 tona méadrach ó bhliain a haon. Maidir le hearraí a allmhairítear i gcainníochtaí is mó ná an méid carntha a liostaítear thíos le haghaidh gach bliana, beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim lasmuigh den chuóta a léirítear thíos. Gan dochar don bheart coimirce a bhunaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta), ón 1 Eanáir de bhliain a cúig, beidh earraí saor ó aon dleacht chustaim.

Línte taraife	Bliain	Tonaí méadracha	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
04022911 04022919 04022991 04022999 04029110 04029190 04029990			
	Teacht i bhfeidhm	500	81,7 %
	1	550	65,3 %
	2	600	49,0 %
	3	650	32,7 %
	4	700	16,3 %
	5	Gan teorainn	0 %

32. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe Q, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 2 310 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 231 tona méadrach ó bhliain a haon. Maidir le hearraí a allmhairítear i gcainníochtaí is mó ná an méid carntha a liostaítear thíos le haghaidh gach bliana, beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim lasmuigh den chuóta a léirítear thíos. Gan dochar don bheart coimirce a bhunaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta), ón 1 Eanáir de bhliain a cúig déag, beidh earraí saor ó aon dleacht chustaim.

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
04062000 04064000		
	Teacht i bhfeidhm	18,8 %
	1	17,5 %
	2	16,3 %
	3	15,0 %
	4	13,8 %
	5	12,5 %
	6	11,3 %
	7	10,0 %
	8	8,8 %
	9	7,5 %
	10	6,3 %
	11	5,0 %
	12	3,8 %
	13	2,5 %
	14	1,3 %
	15	0 %

Línte taraife	Bliain	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
04063000 04069040 04069050 04069060 04069090		
	Teacht i bhfeidhm	48,8 %
	1	45,5 %
	2	42,3 %
	3	39,0 %
	4	35,8 %
	5	32,5 %
	6	29,3 %
	7	26,0 %
	8	22,8 %
	9	19,5 %
	10	16,3 %
	11	13,0 %
	12	9,8 %
	13	6,5 %
	14	3,3 %
	15	0 %

33. Earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe LM, deonaítear cóireáil saor ó dhleacht dóibh le haghaidh cuóta comhiomlán 1 100 tona méadrach ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, le méadú bliantúil 110 tona méadrach ó bhliain a haon. Maidir le hearraí a allmhairítear i gcainníochtaí is mó ná an méid carntha a liostaítear thíos le haghaidh gach bliana, beidh feidhm ag na leibhéil dleachta custaim lasmuigh den chuóta a léirítear thíos. Gan dochar don bheart coimirce a bhunaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta), ón 1 Eanáir de bhliain a cúig déag, beidh earraí saor ó aon dleacht chustaim.

Línte taraife	Bliain	Tonaí méadracha	Dleacht chustaim lasmuigh den chuóta
19011010 19011091 19011099			
	Teacht i bhfeidhm	1 100	18,8 %
	1	1 210	17,5 %
	2	1 320	16,3 %
	3	1 430	15,0 %
	4	1 540	13,8 %
	5	1 650	12,5 %
	6	1 760	11,3 %
	7	1 870	10,0 %
	8	1 980	8,8 %
	9	2 090	7,5 %
	10	2 200	6,3 %
	11	2 310	5,0 %
	12	2 420	3,8 %
	13	2 530	2,5 %
	14	2 640	1,3 %
	15	Gan teorainn	0 %

34. Déanfar gach ceann de na cuótaí thuas a riaradh ar bhonn an mhodha ‘tús freastail ar an gceann is túisce’.
35. Má chomhfhreagraíonn teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo do dháta tar éis an 1 Eanáir agus roimh an 31 Nollaig den bhliain féilire chéanna, déanfar an chainníocht laistigh den chuóta a ríomh *pro rata* ar bhonn comhréireach don chuid eile den bhliain féilire sin.
36. Chun dleachtanna custaim a dhíothú, déanfar rátaí na ndleachtanna custaim i ngach gearradh a chothromú síos go dtí ar a laghad an deichiú cuid de phointe céatadáin is gaire nó, más in aonaid airgeadaíochta a shloinntear an ráta dleachta custaim, go dtí an deichiú cuid is gaire d’aonad oifigiúil airgeadaíochta na Colóime.

37. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn ‘bliain a haon’ an bhliain féilire dar tús an 1 Eanáir tar éis na bliana a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm mar a fhoráiltear in Airteagal 330 (Teacht i bhfeidhm) den Chomhaontú seo. Ciallaíonn na blianta dá ngairtear ‘bliain a dó’, ‘bliain a trí’ agus mar sin de, na blianta féilire tar éis bhliain a haon mar a fhoráiltear don mhéid sin sa mhír seo.
38. Cuirtear forálacha na Roinne seo in iúl i dtéarmaí Ainmníocht Bhalltíortha Chomhphobal na nAindéas (NANDINA) bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (CC), leagan 2007.
39. Is le Nótaí Ginearálta, Nótaí Roinne agus na Nótaí Caibidle NANDINA a rialófar léirmhíniú fhorálacha na Roinne seo, lena n-áirítear línte taraife a thabhairt cothrom le dáta. A mhéid atá forálacha na Roinne seo comhionann le forálacha comhfhreagracha NANDINA, beidh an chiall chéanna ag forálacha na Roinne seo agus atá ag forálacha comhfhreagracha NANDINA.

ROINN B

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFE PHÁIRTÍ AE

FOROINN 1

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFE PHÁIRTÍ AE LE hAGHAIDH EARRAÍ DE THIONSCNAMH NA COLÓIME

A Díothú Taraife

1. Mura bhforáiltear a mhalairt i Sceideal um Dhíchur Taraife Pháirtí AE a áirítear san Fhoroinn seo (dá ngairtear an ‘Sceideal’ anseo feasta), tá feidhm ag na catagóirí seo a leanas maidir le dleachtanna custaim a bheith á ndíothú ag Páirtí AE de bhun Airteagal 22 (Dleachtanna Custaim a Dhíothú) de Theideal III (Trádáil in Earraí) den Chomhaontú seo:
 - (a) déanfar dleachtanna custaim ar earraí de thionscnaimh na Colóime (dá ngairtear ‘earraí tionscnaimh’ anseo feasta) dá bhforáiltear sna línte taraife atá i gcatagóir chéimnithe ‘0’ sa Sceideal a dhíothú go hiomlán agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;

- (b) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘3’ sa Sceideal a dhíchur go hiomlán i gceithre chéim chomhionanna dar tús an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;
- (c) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘5’ sa Sceideal a dhíchur go hiomlán i sé chéim chomhionanna dar tús an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;
- (d) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘7’ sa Sceideal a dhíchur go hiomlán in ocht gcéim chomhionanna dar tús an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;
- (e) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘10’ sa Sceideal a dhíchur in 11 chéim chomhionanna dar tús an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;
- (f) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife a mharcáiltear le ‘20 %’ sa Sceideal a laghdú 20 % an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;

- (g) ní bheidh feidhm ag aon oibleagáid maidir le díothú dleachtanna custaim maidir le línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘–’ sa Sceideal;
- (h) le haghaidh na línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘AV0’ sa Sceideal, déanfar eilimint *ad valorem* na ndleachtanna custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (i) le haghaidh na línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘AV0-3’ sa Sceideal, déanfar eilimint *ad valorem* na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; bainfear eilimint shonrach na dleachta custaim i gceithre chéim chomhionanna ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;
- (j) le haghaidh na línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘AV0-5’ sa Sceideal, déanfar eilimint *ad valorem* na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; bainfear eilimint shonrach na dleachta custaim i sé chéim chomhionanna ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;

- (k) le haghaidh na línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘AV0-7’ sa Sceideal, déanfar eilimint ad valorem na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; bainfear eilimint shonrach na dleachta custaim in ocht gcéim chomhionanna ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim dá éis sin;
- (l) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘O + EP’ sa Sceideal a dhíothú an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; ní bhaineann an léirscaoileadh ach leis an dleacht ad valorem; coinneofar an dleacht shonrach atá nasctha leis an gcóras praghais iontrála is infheidhme maidir leis na hearraí tionscnaimh sin mar a leagtar síos i Roinn A d’Fhoscríbhinn 2 den Iarscríbhinn seo;
- (m) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘AV0 + EP’ sa Sceideal a dhíothú an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm; ní bhaineann an léirscaoileadh ach leis an dleacht ad valorem; coinneofar an dleacht shonrach atá nasctha leis an gcóras praghais iontrála is infheidhme maidir leis na hearraí tionscnaimh sin mar a leagtar síos i Roinn A d’Fhoscríbhinn 2 den Iarscríbhinn seo;

- (n) beidh feidhm ag an dleacht chustaim seo a leanas ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘BA’ sa Sceideal:

Bliain	Dleacht fhabhrach chustaim (€/t.)	Truicearmhéid allmhairí, (Tonáí méadracha)
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2010	145	1 350 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011	138	1 417 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012	131	1 485 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013	124	1 552 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014	117	1 620 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015	110	1 687 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016	103	1 755 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017	96	1 822 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018	89	1 890 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019	82	1 957 500
Amhail ón 1 Eanáir 2020	75	Ní bhaineann le hábhar

Beidh feidhm ag na dleachtanna fabhracha custaim a luaitear sa tábla ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; ní laghdófar na dleachtanna go haisghníomhach;

In 2019, scrúdóidh Páirtí AE agus an Cholóim an chaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar léirscaoileadh taraife ar earraí a áirítear i gcatagóir chéimnithe ‘BA’;

Bunófar clásal cobhsaíochta ar na heilimintí seo a leanas:

- (i) socraítear méid allmhairí truceartha le haghaidh allmhairí earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘BA’ le haghaidh gach ceann de na blianta le linn na hidirthréimhse, mar a léirítear sa tríú colún den tábla thuas;
- (ii) a luaithe a chomhlíonfar an trucearmhéid sin le linn bliain féilire chomhfhreagrach, féadfaidh Páirtí AE an dleacht fhabhrach chustaim is infheidhme le linn na bliana sin a chur ar fionraí go sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí, agus nach rachaidh thar dheireadh na bliana féilire comhfhreagraí;
- (iii) i gcás ina gcuirfidh Páirtí AE an dleacht chustaim fhabhrach sin ar fionraí, cuirfidh Páirtí AE an dleacht is lú den bhonnráta nó den náisiún barrfhabhair (dá ngairtear ‘NBF’ anseo feasta) i bhfeidhm a mbeidh feidhm aici an tráth a dhéanfar an ghníomhaíocht sin;
- (iv) i gcás ina gcuirfidh Páirtí AE na gníomhaíochtaí a luaitear faoi fhomhíreanna (ii) agus (iii) i bhfeidhm, rachaidh Páirtí AE i gcomhairle láithreach leis an gColóim chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an staid ar bhonn sonraí fíorasacha atá ar fáil;
- (v) ní fhéadfaidh na bearta a luaitear faoi mhíreanna (ii) agus (iii) a bheith infheidhme ach amháin le linn na hidirthréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019;

má dhéanann Páirtí AE le haghaidh na n-earraí dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘BA’ a allmhairítear ón mBrasaíl, ó Chósta Ríce, ó Ghuatamala, ó Hondúras, ó Nicearagua, ó Phanama, ón tSalvadóir, ó Veiniséala nó ó thíortha Chomhphobal na nAindéas, dleacht is lú a chur i bhfeidhm ná an dleacht a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh na Colóime, déanfaidh Páirtí AE an dleacht is lú de na dleachtanna sin a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘BA’;

- (o) déanfar na línte taraife a áirítear sa chatagóir chéimnithe ‘AV0-MM’, ‘AV0-SC’, ‘AV0-SP’, ‘BF’, ‘CM’, ‘RM’, ‘SR’ agus ‘YT’ a léirscaoileadh faoi na coinníollacha a leagtar síos i bpointe B den Fhoroinn seo.

2. Léirítear sa líne taraife chomhfhreagrach sa Sceideal an bonnráta agus an chatagóir chéimnithe chun an ráta dleachta custaim is infheidhme ag gach céim laghdaithe le haghaidh líne taraife a chinneadh.
3. Chun dleachtanna custaim a dhíothú, déanfar an ráta dleachta custaim a chuirtear i bhfeidhm ag gach céim a chothromú síos go dtí ar a laghad an deichiú cuid de phointe céatadáin is gaire nó, más in aonaid airgeadaíochta a shloinntear ráta an dleachta custaim, go dtí ar a laghad an deichiú cuid is gaire d’euro.
4. Chun críocha na Foroinne seo, tarlóidh an chéad laghdú ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo, agus gabhfaidh éifeacht le gach laghdú comhleanúnach an 1 Eanáir den bhliain iomchuí.

5. Má chomhfhreagraíonn teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo do dháta tar éis an 1 Eanáir agus roimh an 31 Nollaig den bhliain chéanna, déanfar an chainníocht laistigh den chuóta a ríomh *pro rata* ar bhonn comhréireach don chuid eile den bhliain féilire.

B Cuótaí taraife le haghaidh earraí sonracha

Beidh feidhm ag na lamháltais taraife seo a leanas amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar bhonn bliantúil maidir le hallmhairí earraí tionscnaimh isteach i bPáirtí AE.

Ceadóidh Páirtí AE na cainníochtaí agus na hearraí seo a leanas a allmhairiú saor ó dhleacht:

- (a) cainníocht chomhiomlán 100 tona méadrach, le méadú 5 thona mhéadracha gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'AV0-MM'; le haghaidh na gcainníochtaí comhiomlána sa bhreis le haghaidh gach bliana, déanfar eilimint *ad valorem* na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (b) cainníocht chomhiomlán 200 tona méadrach, le méadú 10 thona mhéadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'AV0-SC'; le haghaidh na gcainníochtaí comhiomlána sa bhreis le haghaidh gach bliana, déanfar eilimint *ad valorem* na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

- (c) cainníocht chomhiomlán 20 000 tona méadrach, le méadú 600 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'AV0-SP'; le haghaidh na gcainníochtaí comhiomlána sa bhreis le haghaidh gach bliana, déanfar eilimint *ad valorem* na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (d) cainníocht chomhiomlán 5 600 tona méadrach, le méadú 560 tona méadrach gach bliain (arna shloinneadh i meáchan an táirge), d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'BF';
- (e) cainníocht chomhiomlán 100 tona méadrach, le méadú 5 thona mhéadracha gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'CM';
- (f) cainníocht chomhiomlán 1 500 heictilítear gach bliain; le méadú 100 heictilítear gach bliain (arna shloinneadh i gcoibhéis íonalcóil), d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'RM';
- (g) cainníocht chomhiomlán 62 000 tona méadrach, le méadú 1 860 tona méadrach gach bliain (arna shloinneadh i gcoibhéis siúcra amh), d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'SR';
- (h) cainníocht chomhiomlán 100 tona méadrach, le méadú 5 thona mhéadracha gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe 'YT'.

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFE PHÁIRTÍ AE

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Gaol le hAinmníocht Chomhcheangailte (dá ngairtear ‘AC’ anseo feasta) an Aontais Eorpaigh: Léirítear forálacha an Sceidil seo go ginearálta i dtéarmaí na AC 2007, agus is le Nótaí Ginearálta, Nótaí Roinne, agus Nótaí Caibidle AC a rialófar léiriú fhorálacha an Sceidil seo, lena n-áirítear cumhdach táirge na bhfo-cheannteideal den Sceideal seo. A mhéid atá forálacha an Sceidil seo comhionann le forálacha comhfhreagracha AC, beidh an chiall chéanna ag forálacha an Sceidil seo agus atá ag forálacha comhfhreagracha AC.

FOROINN 2

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFE PHÁIRTÍ AE

LE hAGHAIDH EARRAÍ DE THIONSCNAMH PHEIRIÚ

1. Léirítear an bonnráta dleachta custaim agus an chatagóir chéimnithe chun ráta eatramhach na dleachta custaim ag gach céim laghdaithe a chinneadh maidir le gach líne taraife i Sceideal um Dhíothú Taraife Pháirtí AE a áirítear san Fhoroinn seo (dá ngairtear an ‘Sceideal’ anseo feasta).

2. Chun dleachtanna custaim a dhíothú, déanfar rátaí céimnithe eatramhacha a chothromú síos ar a laghad go dtí an deichiú cuid de phointe céatadáin is gaire nó, más in aonaid airgeadaíochta a shloinntear an ráta dleachta custaim, go dtí an deichiú cuid is gaire d'euro.
3. Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn 'bliain a haon' an bhliain a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm mar a fhoráiltear in Airteagal 330 (Teacht i bhfeidhm) den Chomhaontú seo.
4. Chun críocha na Foroinne, ag tosú i mbliain a dó, tiocfaidh gach laghdú bliantúil i bhfeidhm an 1 Eanáir den bhliain ábhartha.
5. Má thiteann teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar dháta tar éis an 1 Eanáir agus roimh an 31 Nollaig den bhliain chéanna, déanfar an chainníocht laistigh den chuóta a ríomh *pro rata* ar bhonn comhréireach don chuid eile den bhliain féilire.

A Díothú Taraife

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Sceideal, beidh feidhm ag na catagóirí seo a leanas maidir le dleachtanna custaim a bheith á ndíothú ag Páirtí AE de bhun Airteagal 22 (Dleachtanna Custaim a Dhíothú) de Theideal III (Trádáil in Earraí) den Chomhaontú seo:

- (a) déanfar dleachtanna custaim ar earraí de thionscnaimh an Pheiriú (dá ngairtear ‘earraí tionscnaimh’ anseo feasta) a fhreagraíonn do na línte taraife atá i gcatagóir chéimnithe (dá ngairfear feasta ‘catagóir’) ‘0’ sa Sceideal a dhíothú go hiomlán agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;
- (b) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘3’ sa Sceideal a dhíchur i gceithre chéim chomhionanna bhliantúla ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim, le héifeacht an 1 Eanáir de bhliain a ceathair;
- (c) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘5’ sa Sceideal a dhíchur i sé chéim chomhionanna bhliantúla ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim, le héifeacht an 1 Eanáir de bhliain a sé;

- (d) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘7’ sa Sceideal a dhíchur in ocht gcéim chomhionanna bhliantúla ag tosú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim, le héifeacht an 1 Eanáir de bhliain a hocht;
- (e) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘10’ sa Sceideal a dhíchur i gceithre chéim chomhionanna dar tús an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, agus beidh na hearraí sin saor ó aon dleacht chustaim, le héifeacht an 1 Eanáir de bhliain a haon déag;
- (f) dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘—’ sa Sceideal, fanfaidh siad ag an mbonnráta; eisiatar na hearraí sin ó dhíothú nó ó laghdú dleachta;
- (g) le haghaidh na hearraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘AV0’ sa Sceideal, déanfar eilimint *ad valorem* na dleachta custaim a dhíothú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (h) le haghaidh na n-earraí tionscnaimh a chomhfhreagraíonn do línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘EP’ sa Sceideal, coinnítear córas an phraghais iontrála mar a leagtar síos i Roinn B d’Fhoscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

- (i) beidh feidhm ag an dleacht chustaim seo a leanas ar earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir chéimnithe ‘BA’ sa Sceideal:

Bliain	Dleacht fhabhrach chustaim (€/t.)	Truicearmhéid allmhairí (tonaí méadracha)
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2010	145	67 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011	138	71 250
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012	131	75 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013	124	78 750
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014	117	82 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015	110	86 250
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016	103	90 000
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017	96	93 750
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018	89	97 500
Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019	82	101 250.
Amhail ón 1 Eanáir 2020	75	Ní bhaineann le hábhar

beidh feidhm ag na dleachtanna fabhracha custaim a luaitear sa tábla ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i leith; ní laghdófar go haisghníomhach na dleachtanna custaim;

in 2019, scrúdóidh Páirtí AE agus an Cholóim an chaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar léirscaoileadh taraife ar earraí a áirítear i gcatagóir chéimnithe ‘BA’;

bunófar clásal cobhsaíochta ar na heilimintí seo a leanas:

- (i) socraítear trucearmhéid allmhairí (dá ngairfear ‘trucearmhéid’ anseo feasta) le haghaidh allmhairí earraí tionscnaimh a fhreagraíonn do na línte taraife i gcatagóir ‘BA’ le haghaidh gach ceann de na blianta le linn na hidirthréimhse, mar a léirítear sa tríú colún den tábla thuas;
- (ii) a luaithe a chomhlíonfar an trucearmhéid sin le linn bliain féilire chomhfhreagrach, féadfaidh Páirtí AE an dleacht fhabhrach chustaim is infheidhme le linn na bliana sin a chur ar fionraí go sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí, agus nach rachaidh thar dheireadh na bliana féilire comhfhreagraí;
- (iii) i gcás ina gcuirfidh Páirtí AE an dleacht chustaim fhabhrach sin ar fionraí, cuirfidh Páirtí AE an dleacht chustaim is lú den bhonnráta nó den náisiún barrfhabhair (dá ngairtear ‘NBF’ anseo feasta) i bhfeidhm a mbeidh feidhm aici an tráth a dhéanfar an ghníomhaíocht sin;
- (iv) i gcás ina gcuirfidh Páirtí AE an beart a luaitear faoi mhíreanna (ii) agus (iii) i bhfeidhm, rachaidh Páirtí AE i gcomhairle láithreach le Peiriú chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an staid ar bhonn sonraí fíorasacha atá ar fáil;

(v) ní fhéadfaidh an beart a luaitear faoi mhíreanna (ii) agus (iii) a bheith infheidhme ach amháin le linn na hidirthréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2019;

(j) déanfar earraí de thionscnamh Pheiriú a chomhfhreagraíonn do na línte taraife sna catagóirí ‘BF’, ‘BK’, ‘BR’, ‘CE’, ‘GC’, ‘IE’, ‘ME’, ‘MM’, ‘MP1’, ‘MP2’, ‘PK’, ‘PY’, ‘RE’, ‘RM’, ‘SC’, ‘SP’, ‘SR’ agus ‘YT’ a léirscaoileadh laistigh de tharaif-chuóta faoi na coinníollacha a leagtar síos i bpointe B den Fhoroinn seo.

B Cuótaí taraife le haghaidh earraí sonracha

Beidh feidhm ag na lamháltais taraife seo a leanas amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar bhonn bliantúil maidir le hallmhairí earraí tionscnaimh isteach i bPáirtí AE.

Ceadóidh Páirtí AE na cainníochtaí agus na hearraí seo a leanas a allmhairiú saor ó dhleacht:

- (a) cainníocht chomhiomlán ¹2 150 tona méadrach, le méadú 215 thona mhéadracha gach bliain, d’earraí a liostaítear i gcatagóir chéimnithe ‘BF’;
- (b) cainníocht chomhiomlán 1 900 tona méadrach, le méadú 190 tona méadrach gach bliain, d’earraí a liostaítear i gcatagóir ‘BK’;

¹ Sloinntear an chainníocht chomhiomlán i gcoibhéis meáchain chonablaigh mar a leanas: Beidh 100 kg d’fheoil chnámha coibhéiseach le 70 kg d’fheoil gan chnámh.

- (c) cainníocht chomhiomlán 500 tona méadrach, le méadú 50 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'BR';
- (d) cainníocht chomhiomlán 2 500 tona méadrach, le méadú 250 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'CE';
- (e) cainníocht chomhiomlán 750 tona méadrach, le méadú 75 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'GC';
- (f) cainníocht chomhiomlán 150 tona méadrach, le méadú 15 thona mhéadracha gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'IE';
- (g) cainníocht chomhiomlán 10 000 tona méadrach, le méadú 1 000 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'ME';
- (h) cainníocht chomhiomlán 100 tona méadrach, le méadú 10 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'MM';
- (i) cainníocht chomhiomlán 3 000 tona méadrach, le méadú 300 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'MP1';

- (j) cainníocht chomhiomlán 6 000 tona méadrach, le méadú 600 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'MP2';
- (k) cainníocht chomhiomlán 4 000 tona méadrach, le méadú 400 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'PK';
- (l) cainníocht chomhiomlán 7 500 tona méadrach, le méadú 750 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'PY';
- (m) cainníocht chomhiomlán 34 000 tona méadrach, le méadú 3 400 tona méadrach gach bliain, d'earraí a liostaítear i gcatagóir 'RE';
